**Leasú 361**
**Pietro Fiocchi, Nicola Procaccini**
thar ceann an Ghrúpa ECR

**Tuarascáil** **A9-0319/2023**
**Frédérique Ries**
Pacáistíocht agus dramhaíl ó phacáistíocht
(COM(2022)0677 – C9-0400/2022 – 2022/0396(COD))

**Togra le haghaidh Rialacháin**
**Airteagal 22 – teideal**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Srianta maidir le formáidí pacáistíochta áirithe a úsáid | Srianta maidir le formáidí pacáistíochta áirithe a úsáid ***nach bhfuil in-athúsáidte ná déanta as ábhair in-athnuaite*** |

Or. en

**Leasú 362**
**Pietro Fiocchi, Nicola Procaccini**
thar ceann an Ghrúpa ECR

**Tuarascáil** **A9-0319/2023**
**Frédérique Ries**
Pacáistíocht agus dramhaíl ó phacáistíocht
(COM(2022)0677 – C9-0400/2022 – 2022/0396(COD))

**Togra le haghaidh Rialacháin**
**Airteagal 22 – mír 3**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 3. Féadfaidh na Ballstáit oibreoirí eacnamaíocha a dhíolmhú ó ***phointe 3*** d’Iarscríbhinn V má chomhlíonann siad an sainmhíniú ar mhicreachuideachta i gcomhréir leis na rialacha a leagtar amach sa Mholadh ón gCoimisiún 2003/361, mar is infheidhme an [Oifig na bhFoilseachán: Cuir isteach an dáta = dáta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo], agus i gcás nach bhfuil sé indéanta go teicniúil pacáistíocht a úsáid nó ***rochtain a fháil ar an mbonneagar is gá maidir feidhmíocht de chóras athúsáide***. | 3. Féadfaidh na Ballstáit oibreoirí eacnamaíocha a dhíolmhú ó ***phointí 3 agus 4*** d’Iarscríbhinn V má chomhlíonann siad an sainmhíniú ar mhicreachuideachta i gcomhréir leis na rialacha a leagtar amach i Moladh 2003/361 ón gCoimisiún , mar is infheidhme an [Oifig na bhFoilseachán: Cuir isteach an dáta = dáta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo], agus i gcás nach bhfuil sé indéanta go teicniúil gan pacáistíocht a úsáid. |

Or. en

15.11.2023 A9-0319/363

**Leasú 363**
**Pietro Fiocchi, Nicola Procaccini**
thar ceann an Ghrúpa ECR

**Tuarascáil** **A9-0319/2023**
**Frédérique Ries**
Pacáistíocht agus dramhaíl ó phacáistíocht
(COM(2022)0677 – C9-0400/2022 – 2022/0396(COD))

**Togra le haghaidh Rialacháin**
**Airteagal 28 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***Airteagal 28a*** |
| | ***Airteagal 28a (nua) Oibleagáidí maidir le hathlíonadh agus ábhair in-athnuaite don earnáil beir leat*** |
| | ***Faoin 1 Eanáir 2030:*** |
| | ***(a) maidir leis an dáileoir deiridh a chuireann ar fáil ar an margadh laistigh de chríoch Ballstáit, i bpacáistíocht díolacháin, deochanna fuara nó teo a chuirtear i gcoimeádán ag an díolphointe le haghaidh beir leat, déanfaidh sé ceachtar díobh seo a leanas:*** |
| | ***(i) a áirithiú go gcuirfear deochanna ar fáil i bpacáistíocht in-athchúrsáilte atá déanta as ábhair in-athnuaite; nó*** |
| | ***(ii) córas a chur ar fáil do thomhaltóirí chun a gcoimeádán féin a thabhairt leo le líonadh;*** |
| | ***(b) maidir le dáileoir deiridh atá ag déanamh a ghníomhaíochta in earnáil na n-óstán, na mbialann agus na lónadóireachta agus atá ag cur ar fáil ar an margadh laistigh de chríoch Ballstáit, i bpacáistíocht díolacháin, bia réamhullmhaithe beir leat, a bheartaítear le haghaidh tomhaltas láithreach gan gá le tuilleadh ullmhúcháin, agus a thomhlaítear ón gcoimeádán de ghnáth, déanfaidh sé ceachtar díobh seo a leanas:*** |
| | ***(i) a áirithiú go bhfuil gach pacáistíocht*** |

***aon úsáide in-athchúrsáilte agus déanta as ábhair in-athnuaite agus, i gcás pacáistíocht bia aon úsáide le haghaidh tarsainn, gur pacáistíocht inmhúirínithe í atá déanta as ábhair in-athnuaite; nó***

***(ii) córas a chur ar fáil do thomhaltóirí chun a gcoimeádán féin a thabhairt leo le líonadh.***

Or. en

15.11.2023 A9-0319/364

**Leasú 364**
**Pietro Fiocchi, Nicola Procaccini**
thar ceann an Ghrúpa ECR

**Tuarascáil** **A9-0319/2023**
**Frédérique Ries**
Pacáistíocht agus dramhaíl ó phacáistíocht
(COM(2022)0677 – C9-0400/2022 – 2022/0396(COD))

**Togra le haghaidh Rialacháin**
**Airteagal 28 b (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***Airteagal 28b*** |
| | ***Airteagal 28b (nua) Oibleagáidí maidir le tairiscint athúsáide agus ábhair in-athnuaite d'earnáil na ndeochanna beir leat*** |
| | ***1. Faoin 1 Eanáir 2030, maidir leis an dáileoir deiridh a dhéanann a ghníomhaíocht ghnó in earnáil na n-óstán, na mbialann agus na lónadóireachta agus a chuireann ar fáil ar an margadh laistigh de chríoch Ballstáit, i bpacáistíocht díolacháin, deochanna fuara nó teo a chuirtear i gcoimeádán ag an díolphointe le haghaidh beir leat, déanfaidh sé ceachtar díobh seo a leanas:*** |
| | ***(a) a áirithiú go gcuirfear deochanna ar fáil i bpacáistíocht in-athchúrsáilte atá déanta as ábhair in-athnuaite; nó*** |
| | ***(b) an rogha a chur ar fáil do na tomhaltóirí maidir le pacáistíocht laistigh de chóras le haghaidh athúsáide.*** |
| | ***2. Cuirfidh na dáileoirí deiridh in iúl do na tomhaltóirí deiridh ag an díolphointe, trí bhíthin cláir faisnéise nó comharthaí sofheicthe agus inléite, gur féidir na hearraí a fháil i bpacáistíocht in-athúsáidte.*** |
| | ***3. Tairgfidh na dáileoirí deiridh na hearraí a chuirtear i bpacáistíocht in-athúsáidte ar phraghas nach airde agus*** |


Aontaithe san éagsúlacht

***faoi dhálaí nach lú fabhar ná an t-aonad díolacháin atá comhdhéanta de na hearraí céanna agus pacáistíocht aon úsáide.***

***4. Beidh na dáileoirí deiridh díolmhaithe ó chur i bhfeidhm an Airteagail seo má thagann siad faoin sainmhíniú ar mhicreafhiontar a leagtar amach i Moladh 2003/361/CE ón gCoimisiún.***

Or. en

15.11.2023 A9-0319/365

**Leasú 365**
**Pietro Fiocchi, Nicola Procaccini**
thar ceann an Ghrúpa ECR

**Tuarascáil** **A9-0319/2023**
**Frédérique Ries**
Pacáistíocht agus dramhaíl ó phacáistíocht
(COM(2022)0677 – C9-0400/2022 – 2022/0396(COD))

**Togra le haghaidh Rialacháin**
**Airteagal 45 – mír 2 – pointe c**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (c) ceanglais ar dháileoirí críochnaitheacha céatadán áirithe de tháirgí eile, seachas iad siúd a chumhdaítear le spriocanna a leagtar síos in Airteagal 26, a chur ar fáil i bpacáistíocht in-athúsáidte nó trí hathlíonadh ar choinníoll nach leanfaidh saobhadh as sin ar na bacainní inmheánacha margaidh nó trádála le haghaidh táirgí ó Bhallstáit eile. | (c) ceanglais ar dháileoirí críochnaitheacha céatadán áirithe de tháirgí eile, seachas iad siúd a chumhdaítear le spriocanna a leagtar síos in Airteagal 26 ***nó iad siúd a chumhdaítear leis na ceanglais a leagtar síos in Airteagal 28 nó 28(b)***, a chur ar fáil i bpacáistíocht in-athúsáidte laistigh de chóras le haghaidh athúsáide nó trí hathlíonadh ar choinníoll nach leanfaidh saobhadh as sin ar na bacainní inmheánacha margaidh nó trádála le haghaidh táirgí ó Bhallstáit eile. |

Or. en

15.11.2023 A9-0319/366

**Leasú 366**
**Pietro Fiocchi, Nicola Procaccini**
thar ceann an Ghrúpa ECR

**Tuarascáil** **A9-0319/2023**
**Frédérique Ries**
Pacáistíocht agus dramhaíl ó phacáistíocht
(COM(2022)0677 – C9-0400/2022 – 2022/0396(COD))

**Togra le haghaidh Rialacháin**
**Airteagal 45 – mír 2 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***2 a. D'ainneoin mhír 1 agus mhír 2 thuas, ní ghlacfaidh na Ballstáit bearta lena gceanglófaí ar dháileoirí córas athúsáide nó córas athlíonta a chur ar fáil le haghaidh deochanna fuara nó teo a chuirtear i gcoimeádán ag an díolphointe le haghaidh beir leat nó le haghaidh bia réamhullmhaithe beir leat, a bheartaítear le haghaidh tomhaltas láithreach gan gá le tuilleadh ullmhúcháin, agus a thomhlaítear ón gcoimeádán de ghnáth.*** |

Or. en